# Blocghraif a Chruthú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí – graf, sonraí a léiriú agus a léirmhíniú, comparáid a dhéanamh, sórtáil<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br><br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>• obair s'acu a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe, ag úsáid siombailí mar is cuí |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | blocghraf, is coitianta, is lú coitianta, níos mó, níos lú, cá mhéad níos mó/níos lú? san iomlán, sonraí, eolas, léirithe, ais, teideal, léirmhínigh, táille, taifead |
| **Áiseanna** | clár bán idirghníomhach, páipéar cearnaithe, dathanna, m.sh. criáin nó pinn luaidhe daite, post-its, leathanaigh smeach-chairte |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Pléann an múinteoir dóigheanna éagsúla a ndéanann muid eolas a thaifeadadh leis na daltaí. Ceist bunaithe ar thopaic ábhartha in úsáid ag an mhúinteoir, taispeánann sé do na daltaí gur féidir táille a úsáid leis na sonraí a léiriú go huimhriúil. Cruthaíonn an múinteoir graf ranga mar dhóigh eile leis na sonraí a léiriú. Tagann gach dalta chun tosaigh agus cuireann sé a shonraí féin leis an ghraf. Ansin, pléann daltaí na sonraí ar an ghraf agus an dóigh lena léirmhíniú.

### 2 Gníomhaíocht 2

Roghnaíonn daltaí ceist le sonraí a bhailiú, m.sh. *'Cén toradh is fearr leat?'* Ansin, bailíonn siad na sonraí agus léiríonn siad iad ar bhlocghraf. Spreag na daltaí lena chinntiú go bhfuil teideal ar an ghraf agus go bhfuil na haiseanna lipéadaithe. Pléigh na graif mar rang iomlán, i ngrúpaí nó mar ghníomhaíocht 'Smaoinigh, Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt'. Cén t-eolas atá le feiceáil ar gach graf?

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad páiste a bhfuil súile gorma acu?<br>• Cad é an dath súile is coitianta sa rang?<br>• Cá mhéad páiste atá léirithe ar an ghraf seo?<br>• Cá mhéad níos mó/níos lú a bhfuil súile glasa ná súile donna acu? | • Cad iad na 5 rud a thugann tú faoi deara faoin eolas ar an ghraf seo?<br>• Cad é a insíonn an graf seo dúinn?<br>• Cad é nach n-insíonn an graf seo dúinn?<br>• Cad é do bharúil faoin ghraf seo?<br>• Cad é mar a bheadh an graf seo difriúil le rang/bliain/grúpa/tír éagsúil, do bharúil? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.